Artist in the Community scheme

# Dámhachtain Taighde & Forbartha

# agus

# Dámhachtain maidir le Cur i gCrích Tionscadail

*Treoirlínte d'Iarratasóirí*

# 2026

# Clár na nÁbhar

Réamhrá 3

Tabhair faoi deara: daoine faoi mhíchumas nó daoine a bhfuil riachtanais maidir le bealach isteach acu 6

**1. Faisnéis faoi Dhámhachtain Scéim na nEalaíontóirí sa Phobal 8**

1.1. Spriocdháta le hiarratais a chur isteach 9

1.2. Cuspóir agus tosaíochtaí na dámhachtana 9

**2. Cad iad na dámhachtainí a thairgtear faoi Scéim ESP? 12**

2.1. Cé atá incháilithe iarratas a dhéanamh ar Scéim ESP? 16

2.2. Cé hé nó hí an t-iarratasóir? 17

2.3. Cé nach bhfuil i dteideal iarratas a chur isteach? 17

2.4. Cén maoiniú ar féidir leat iarratas a dhéanamh air? 19

2.5. Costais rochtana d'ealaíontóirí nó rannpháirtithe faoi mhíchumas 20

2.6. Céard is féidir agus nach féidir leat iarratas a dhéanamh air 22

2.7. Critéir incháilitheachta 23

2.8. Ábhar tacaíochta 23

**3. D'iarratas a dhéanamh ar líne 26**

3.1. Do chuid ábhair thacaíochta a ullmhú 28

**4. Próiseáil agus measúnú na n-iarratas 30**

4.1. Forbhreathnú 31

4.2. An próiseas measúnaithe 31

4.3. Critéir chun na hiarratais uile a mheasúnú 31

4.4. Painéil Phiarmheasúnaithe 35

4.5. Toradh na n-iarratas 36

4.6. Cáipéisíocht 37

4.7. Tuairisciú, Monatóireacht agus Measúnú 38

**5. Gluais Téarmaí 43**

**Cosaint sonraí 44**

the arts council / an chomhairle ealaíon — funding the arts

create national development agency for collaborative arts

Artist in the Community scheme

# Réamhrá

## Cén fáth ar gá duit na treoirlínte seo a léamh sula dtosaíonn tú ar an iarratas

### Sábháil do chuid ama

Tá sé fíorthábhachtach go léifidh tú na treoirlínte seo sula dtosóidh tú ar d'iarratas ar líne. Tógfaidh sé thart ar uair an chloig nó dhó, ach is fiú go mór é. Trí na treoirlínte seo a léamh beidh tú cinnte go gcuirfidh tú isteach ar an dámhachtain is fearr a oireann duit agus go bhfuil tú incháilithe di.

Le fáil amach an bhfuil tú incháilithe do cheann den dá dhámhachtain, féach Cuid 2.1

Tá dhá chineál dámhachtana ann ar féidir leat iarratas a dhéanamh ina leith:

- Tá an **Dámhachtain Taighde agus Forbartha** oscailte d'ealaíontóirí ar mian leo taighde a dhéanamh ar thionscadal féideartha le pobal agus é a fhorbairt (féach **Cuid 2**)
    - Téann raon mhaoiniú na dámhachtana ó €3,500 go €4,500 i gcás na Dámhachtana Taighde agus Forbartha
- Tá an **Dámhachtain maidir le Cur i gCrích Tionscadai**l le haghaidh pobail spéise nó áite (nó a gcuid eagraíochtaí ionadaíocha) atá ag pleanáil tionscadail le healaíontóir (féach **Cuid 2**)
    - D'fhéadfadh maoiniú na Dámhachtana maidir le Cur i gCrích Tionscadail dul suas le €15,000

### Tabhair dóthain ama duit féin le hábhair thacaíochta a bhailiú

Ní mór duit na treoirlínte seo a léamh freisin ionas gur féidir leat an t-ábhar tacaíochta riachtanach a ullmhú

### Tabhair duit féin an deis is fearr agus is féidir – tá an scéim seo an-iomaíoch

Is scéim an-iomaíoch í seo. Faighimid go leor iarratas ar an dá dhámhachtain faoi Scéim na nEalaíontóirí sa Phobal (ESP), agus ní féidir linn iad go léir a mhaoiniú.

**Tábhachtach:**

- Má bronnadh Dámhachtain Taighde agus Forbartha ort roimhe seo, ní hionann sin is a rá go n-éireoidh leat má chuireann tú isteach ar Dhámhachtain maidir le Cur i gCrích Tionscadail.
- Ní gá duit cur isteach ar Dhámhachtain Taighde agus Forbartha sula gcuirfidh tú isteach ar Dhámhachtain maidir le Cur i gCrích Tionscadail. Mar sin féin, molaimid go ndéanann tú amhlaidh. Tá sé feicthe againn go gcuireann daoine, a bhfuil tréimhse taighde agus forbartha curtha i gcrích acu, iarratais níos láidre isteach ar an Dámhachtain maidir le Cur i gCrích Tionscadail.
- Chun an deis is fearr a thabhairt do d'iarratas, bain úsáid as na tacaíochtaí a chuirimid ar fáil (arna lua thíos).

**Ag iarraidh aiseolais?** Táimid sásta aiseolas a chur ar fáil faoi thograí nach n-éiríonn leo. Chun an t-aiseolas sin a fháil, ní mór duit teagmháil a dhéanamh linn laistigh de dhá sheachtain tar éis iarratas gan rath.

### Conas cabhair a fháil le d'iarratas

Má tá ceist theicniúil agat faoin bhfoirm iarratais ar líne a úsáid, léigh an cháipéis fabhtcheartaithe agus seol ríomhphost chuig info@create-ireland.ie nó cuir glaoch ar 014736600.

Más é seo an chéad uair go gcuireann tú isteach ar Scéim ESP, molaimid an méid a leanas:

- freastail ar sheisiún faisnéise (a mhaireann thart ar dhá uair an chloig)
- seisiún comhairleach duine le duine a chur in áirithe trí seachtaine ar a laghad roimh an spriocdháta

Más mian leat seisiún comhairle duine le duine a chur in áirithe, gabh i dteagmháil le Create. Is é Create an ghníomhaireacht forbartha náisiúnta i gcomhair na n-ealaíon comhpháirteach. Féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh le Create trí:

- guthán: (01) 473 6600, nó
- ríomhphost: info@create-ireland.ie

## Treoirlínte Fuaime

Cuirimid treoirlínte fuaime ar fáil (i mBéarla), ar féidir iad a úsáid i dteannta an téacs scríofa, nó chun cabhrú leo siúd a bhfuil riachtanais rochtana breise acu.

## Gluais Téarmaí

Tá saintéarmaí áirithe ann nó téarmaí a úsáidimid ar bhealach ar leith. Mar shampla, 'pobal' agus 'comhoibríoch'. Tá siad sin liostaithe againn i nGluais A-Z i **gCuid 5**. Féach orthu sin má

thagann tú ar fhocal nó ar chur síos nach dtuigeann tú.

## D'iarratas a phleanáil ó thús go deireadh

### Ceithre nó sé seachtaine roimh an spriocdháta

- Léigh na treoirlínte seo – dhá uair an chloig
- Léigh an fhoirm iarratais nach bhfuil ach le haghaidh tagartha – 15 nóiméad
- Freastail ar sheisiún faisnéise i láthair go pearsanta nó ar líne – dhá uair an chloig
- Cuir seisiún comhairleach duine le duine in áirithe – 30 nóiméad

### Trí seachtaine roimh an spriocdháta

- Cuir do fhreagraí isteach san fhoirm iarratais nach bhfuil ach le haghaidh tagartha – dhá uair an chloig
- Déan d'ábhair thacaíochta a ullmhú agus a bhailiú – uair an chloig

### Seachtain amháin go dhá sheachtain roimh an spriocdháta

- Líon isteach an fhoirm iarratais ar líne – uair an chloig
- Ná déan dearmad d'ábhair thacaíochta a uaslódáil sna formáidí cearta (féach Cuid 3.1)
- Is féidir leat d'iarratas a shábháil agus teacht ar ais chuige níos déanaí
- Léigh an cháipéis fabhtcheartaithe agus téigh i dteagmháil le Create má tá aon fhadhbanna teicniúla agat – beidh am de dhíth orainn chun cuidiú leat le haon fhadhbanna

### Seachtain roimh an spriocdháta

Ná fan go dtí an spriocdháta leis an iarratas a chur i gcrích toisc go mbeidh an córas TF faoi bhrú

## Tabhair faoi deara: daoine faoi mhíchumas nó daoine a bhfuil riachtanais maidir le bealach isteach acu

Tá sé mar aidhm ag Create agus an Chomhairle Ealaíon an próiseas iarratais a dhéanamh inrochtana do chách. Chuireamar leis na tacaíochtaí chun na bacainní a bhíonn ar iarratasóirí ar dhámhachtainí Scéim na nEalaíontóirí sa Phobal a réiteach.

D'fhéadfaí an méid a leanas a bheith san áireamh leis na tacaíochtaí breise:

- aistriúchán go teangacha eile nó uathu. D'fhéadfadh iarratasóirí rogha a dhéanamh a n-iarratas a scríobh i dteanga nach Béarla í. Íocfaimid as an aistriúchán go Béarla le gur féidir an t-iarratas a mheas
- Ateangaireacht i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann (ISL) le linn seisiúin chomhairleacha agus seisiúin faisnéise
- tras-scríbhinn comhad fuaime agus físe mura bhfuil iarratasóirí in ann iarratas a chur isteach tríd an bhfoirm ar líne (cáipéis scríofa is ea tras-scríbhinn)

Má airíonn tú nach gcuimsíonn na tacaíochtaí seo do chuid riachtanas, déan teagmháil linn agus déanfaimid ár ndícheall tacú leat.

Déanfaimid gach rud is féidir linn a dhéanamh ar bhealach réasúnta chun cuidiú le daoine faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais rochtana acu atá incháilithe faoi choinníollacha na dámhachtana. Chun tuilleadh eolais a fháil amach faoi seo déan teagmháil le Create chomh luath agus is féidir roimh an spriocdháta.

Más mian leat seisiún duine le duine a chur in áirithe le do riachtanais a phlé (mar shampla, tacaíocht le d'iarratas amhail aistriúchán, treoir faoi chostais rochtana pearsanta laistigh den tionscadal) déan teagmháil le Jane O'Rourke ag info@create-ireland.ie nó 014736600.



Feidhmíocht Figures of Eight:
*An tionscadal maoinithe ag Scéim AIC agFatima Groups United & Veronica Dyas.*
*Grianghraf le Jacek Snochowski*

# 1. Faisnéis faoi Dhámhachtain Scéim na nEalaíontóirí sa Phobal

## 1.1 Spriocdháta le hiarratais a chur isteach

Ní mór d’iarratas a bheith faighte againn roimh:
**5 i.n., Dé Luain 28 Meán Fómhair 2026**

## 1.2 Cuspóir agus tosaíochtaí na dámhachtana

Is é an **cuspóir** atá ag Scéim na nEalaíontóirí sa Phobal (ESP) comhoibriú bríoch a spreagadh idir:

- pobail áite (ciallaíonn sé seo daoine a thugtar le chéile trí láthair chomhchoiteann, mar shampla an áit ina bhfuil siad ina gcónaí, a n-ionad oibre, agus mar sin de), pobail spéise (ciallaíonn sé seo daoine arna n-aontú ag spéis ar leith, mar shampla an aeráid, tithíocht, imirce agus mar sin de), nó an dá chineál pobail, agus
- ealaíontóirí gairmiúla

**Ní mór go gcloífeadh na hiarratais ar na dámhachtainí leis na critéir mheasúnaithe (féach Cuid 4.3).**

## Ní mór duit na 6 thosaíocht a leanas a áireamh nó a léiriú i d’iarratas.

**Tosaíocht 1:** Luach an chomhoibrithe a aithint agus é a spreagadh

Luach a aithint sa chruthaitheacht a chuireann gach comhoibrí leis an tionscadal agus deiseanna á soláthar le haghaidh dúshlán agus tástáil ealaíne

**Tosaíocht 2:** Tacú le guthanna éagsúla a chuimsiú

Ba cheart duit roinnt guthanna éagsúla a chuimsiú agus an méid seo a leanas á dhéanamh agat:

- luachanna, creidimh agus cuspóir an tionscadail a shainmhíniú
- cinntí praiticiúla, ealaíonta agus coincheapúla a dhéanamh le haghaidh an tionscadail

**Tosaíocht 3:** An luach a bhaineann le caighdeán ealaíonta agus comhoibriú i measc an phobail a aithint

Ba cheart duit a chinntiú go dtugtar aird ar an gcaighdeán ealaíonta agus ar cháilíocht an chaidrimh idir an t-ealaíontóir agus na comhoibrithe. Smaoinigh faoin méid a leanas ar fud na hoibre ealaíonta:

- pleanáil
- cinnteoireacht
- do shaothar a chur i láthair
- measúnú a dhéanamh air

**Tosaíocht 4:** Léirigh dúinn cén saghas rannpháirtíochta atá ag gach comhpháirtí

Ní mór duit a thaispeáint dúinn go bhfuil tacaíocht ghníomhach agus tiomantas ann ó gach comhoibrí agus comhpháirtí. Ní mór dúinn a fheiceáil go bhfuil eagrú soiléir i bhfeidhm.

Mar shampla, an dtuigeann gach comhoibrí agus gach comhpháirtí sa tionscadal an méid a leanas:

- cuspóir an tionscadail?
- treo an tionscadail?
- a róil ann?

**Tosaíocht 5:** Cad leis a mbaineann an tionscadal agus conas a fhreagróidh an tionscadal ar riachtanais nó ar leasanna an phobail?

An bhfreagraíonn an tionscadal d’aon riachtanais nó leasanna ar leith a d’aithin an pobal féin? Abair linn má tá aon bhealaí ann a d’fhéadfaí úsáid luachmhar a bhaint as an tionscadal, mar shampla, conas a d’fhéadfaí leanúint le gnéithe den tionscadal tar éis dheireadh dhámhachtain Scéim ESP?

**Tosaíocht 6:** Smaoineamh faoi na rudaí a d’fhéadfadh a bheith ag teastáil chun tacú leis an tionscadal go fadtéarmach

Tá sé tábhachtach a mheas cad a tharlóidh tar éis chríochnú do thionscadail. An bhféadfaí leanúint le gnéithe den tionscadal tar éis dheireadh dhámhachtain Scéim ESP? Dá bhféadfaí, cad iad na nithe ar gá duit iad a mheas?

D’fhéadfaí go gcuimseoidís seo:

- scileanna eagraíochtúla
- tú féin a chur in aithne le líonraí ealaíontóirí / comhpháirtithe eile
- scileanna praiticiúla amhail oiliúint d’fhonn iarratais ar mhaoiniú a chur i gcrích

## Nithe le meas agus leideanna maidir leis an iarratas

**Ceisteanna le meas**

- Conas a léiríonn do mhodhanna luachanna do thionscadail agus an comhoibriú a bheartaítear?
- An gcaithfidh tú smaoineamh ar dhifríochtaí cumhachta a d'fhéadfadh srian a chur ar rannpháirtíocht daoine eile nó bacainní a chruthú ina leith? Mar shampla, an gceapann an pobal go bhfuil níos mó cumhachta ag an ealaíontóir sa chaidreamh? Tá sé tábhachtach é seo a phlé leis an bpobal toisc go bhféadfadh sé nach mbeadh roinnt ball den phobal ag iarraidh páirt a ghlacadh sa tionscadal mar gheall air.
- An bhfuil ceisteanna eitice ar bith ann nach mór a mheas? Mar shampla, an bhfuil daoine fásta soghonta ann i measc bhaill an phobail? An mbaineann an obair le topaic dhúshlánach? Conas a chinnteoidh na healaíontóirí agus baill an phobail go gcosnaítear gach duine ó dhíobháil?

I **gCuid 4.7**, chuireamar léaráid shimplí san áireamh a léiríonn céimeanna na dtionscadal comhpháirteach ealaíne.

## Tosaíochtaí straitéiseacha

Tá an Chomhairle Ealaíon tar éis na cineálacha seo tionscadail a aithint mar thosaíochtaí straitéiseacha le haghaidh tacaíochta tríd an dámhachtain seo:

- Tionscadail ina bhfuil comhoibriú ealaíne ar ardchaighdeán idir ealaíontóirí gairmiúla, daoine aonair, grúpaí nó pobail nach gairmithe ealaíon iad.

- Tionscadail ina dtugtar breac-chuntas soiléir ar spriocanna ealaíonta, uaillmhian agus fiúntas, mar aon le haon spriocanna eile, mar shampla, ionchuimsiú sóisialta, forbairt pobail, cearta daonna, gníomhú ar son na haeráide, sláinte nó aon réimse inspéise eile.

- Tionscadail ina gcuimsítear gníomhaíocht a fhorbraítear i gcomhpháirtíocht, agus lena dtugtar achoimre ar conas a léireofar meas sa tionscadal ar smaointe, eispéiris, agus scileanna difriúla gach duine atá páirteach ann.

- Tionscadail ina gcuimsítear daoine aonair agus grúpaí a mbíonn bacainní rochtana agus rannpháirtíochta leis an healaíona orthu (mar shampla daoine a bhfuil cosaint acu faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000–2018, a dtugtar achoimre orthu i mBeartas na Comhairle Ealaíon maidir le Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht).

# 2. Cad iad na dámhachtainí a thairgtear faoi Scéim ESP?

# 2. Cad iad na dámhachtainí a thairgtear faoi Scéim ESP?

Tairgtear dhá dhámhachtain faoi Scéim ESP:

- **Dámhachtain Taighde & Forbartha**
- **Dámhachtain maidir le Cur i gCrích Tionscadail**

Tá gach réimse ealaíne incháilithe do mhaoiniú faoi Scéim ESP; ailtireacht, sorcas, coiméide, damhsa, scannánaíocht, litríocht, ealaíona ildisciplíneacha, ceol, ceoldrámaíocht, ealaíona agus seónna sráide, amharclannaíocht, na healaíona traidisiúnta agus na hamharc-ealaíona

Artist in the Community scheme
Research & Development

## Dámhachtain Taighde & Forbartha

Is é aidhm na Dámhachtana Taighde agus Forbartha tacú le tograí ó ealaíontóirí gairmiúla ar mian leo dul i mbun comhoibriú ealaíne le:

- pobail áite
- pobail arna n-aontú ag spéis ar leith, nó
- an dá chineál pobail

Ní mór go mbeadh na pobail seo déanta suas as gairmithe i réimsí eile seachas na healaíona. Féach an Ghluais i **gCuid 5** chun níos mó a léamh faoina bhfuil i gceist againn le “pobal”.

Tá an dámhachtain seo oscailte d’ealaíontóirí ar mian leo **taighde a dhéanamh** ar thionscadal agus é **a fhorbairt** i gcomhthéacs pobail nó sóisialta. Tugann sé an deis d’ealaíontóirí smaointe a fhiosrú nó a thástáil. Táthar ag súil go mbeidh na céimeanna taighde agus forbartha uaillmhianach, nuálach agus aislingeach.

## Is ealaíontóirí iad na hiarratasóirí

Sa snáithe seo, is iad ealaíontóirí na hiarratasóirí. Ní mór dóibh teagmháil a phleanáil agus a thaispeáint eatarthu féin agus an pobal a bhfuil sé beartaithe acu bheith ag obair leis. Ní mór don phobal tacaíocht a thaispeáint don tionscnamh mar aon le toilteanas a bheith páirteach trí litir thacaíochta a chur ar fáil.

## Amlíne agus an méid atá ar fáil

Ba cheart céim an taighde agus na forbartha maireachtáil suas le 6 mhí ar a mhéad.

**Maoiniú:** Cuireann Dámhachtain Taighde agus Forbartha €3,500 ar fáil do dhámhachtainí gan mheantóireacht, agus €4,500 do dhámhachtainí le meantóireacht.

# Dámhachtainí atá ar fáil do Thaighde agus Forbairt

**Dámhachtain Taighde & Forbartha**
Tá an Dámhachtain Taighde agus Forbartha oscailte d'ealaíontóirí ar mian leo taighde a dhéanamh ar thionscadal féideartha agus é a fhorbairt i gcomhthéacs pobail nó sóisialta. Is é an dámhachtain is airde ná €3,500.

**Dámhachtain Taighde agus Forbartha (le Meantóireacht)**
Tá an Dámhachtain Taighde agus Forbartha (le Meantóireacht) oscailte d'ealaíontóirí ar mian leo tionscadal a fhorbairt le pobal agus a bhfuil meantóir is ealaíontóir aitheanta acu le bheith ag obair leo. Is é an dámhachtain is airde ná €4,500, agus €1,000 den mhéid sin go sainiúil le meantóir a fhostú don ealaíontóir.

**Dámhachtain Taighde agus Forbartha do Chéimí a fuair céim le gairid (le meantóireacht)**
Tá an dámhachtain seo oscailte d'ealaíontóirí a bhfuil clár fochéime críochnaithe acu laistigh de thrí bliana anuas agus nach bhfuil ag déanamh staidéar ar an leibhéal iarchéime tráth bronnta a dtogra – má éiríonn leis.

Is é an dámhachtain is airde ná €4,500, agus €1,000 den mhéid sin go sainiúil le meantóir a fhostú don ealaíontóir. Is féidir le céimithe a fuair céim le gairid iarratas a dhéanamh ar suas le €1,000 chun tacú le forbairt a gcleachtais féin.

Bronnfaimid Dámhachtain Taighde agus Forbartha (le Meantóireacht) amháin nó dhá cheann do Chéimithe a fuair a gcéim le gairid i ngach babhta maoinithe.

## Cé a d'fhéadfá a mholadh mar mheantóir?

Ní mór do mheantóirí a bheith ina noibrithe ealaíon gairmiúla atá ábhartha do réimse an chleachtais ealaíon chomhoibríoch. D'fhéadfaí an méid a leanas a bheith i gceist leis sin:

- ealaíontóir d'aon fhoirm ealaíne a bhfuil cuntas teiste láidir acu ar bheith ag obair i gcomhar le pobail. Is féidir leat meantóir a mholadh nach bhfuil a gcleachtas go príomha comhoibríoch nó fiú bainteach leis an bhfoirm ealaíne chéanna leatsa. Mar sin féin, ní mór réasúnaíocht mhaith a chur ar fáil ar an bhfáth ar roghnaigh tú an meantóir sin chun tacú le do chuid riachtanas
- coimeádaí nó léiritheoir ag a bhfuil taithí ábhartha ar bheith ag obair i gcomhthéacs cleachtais ealaíon chomhoibríoch

**Níl** ról gníomhach ag meantóirí sa chéim Taighde agus Forbartha.

Tá na meantóirí ansin le tacú leat, an **t-ealaíontóir**, ní chun tacú leis an tionscadal. Is é ról an mheantóra tacú leat agus do chleachtas agus do smaointeoireacht ar thionscadal ealaíon comhoibríoch á bhforbairt agat. Iarrfaimid ort san fhoirm iarratais do riachtanais mheantóireachta a chur in iúl agus conas a dhéanfaidh an meantóir freastal orthu.

Má cheapann tú go mbainfeadh do thogra tairbhe as léiritheoir teagmhálach, nó ealaíontóir breise le bheith ag obair go díreach leis an bpobal, ní mór duit íoc as sin ón mbuiséad a bhronntar. Ní féidir le do mheantóir molta feidhmiú ina leithéid de róil.

**Na nithe is gá a thaispeáint má tá tú ag cur isteach ar dhámhachtain le meantóireacht:**

Ní mór an méid a leanas a thaispeáint i d'iarratas:

- Do riachtanais mheantóireachta
- Sceideal na gcruinnithe leis an meantóir beartaithe
- Litir chomhaontaithe ón meantóir lena n-áirítear comhaontú go n-íocfar €1,000 leis an meantóir, ina dtugtar breac-chuntas ar mhiondealú na táille

Artist in the Community scheme
Project Realisation

# Dámhachtain maidir le Cur i gCrích Tionscadail

Is é is aidhm leis an Dámhachtain maidir le Cur i gCrích Tionscadail ná tacú le tograí ó phobail áite nó spéise nó an dá chineál pobail ar mian leo dul i mbun comhoibriú ealaíne le healaíontóir nó le healaíontóirí. Ní mór go mbeadh na pobail seo déanta suas as gairmithe i réimsí eile seachas na healaíona.

Tá an Dámhachtain seo oscailte do phobail agus do ghrúpaí (nó a n-eagraíochtaí ionadaíocha) chun tabhairt faoi thionscadal ealaíon i suíomh pobail nó i gcomhthéacs sóisialta. Táthar ag súil go mbeidh tionscadail uaillmhianach, nuálach agus aislingeach.

## Is pobail iad na hiarratasóirí

Sa snáithe seo, is é an pobal an iarratasóir. Mar sin féin, ní mór go mbeadh comhphlé idir an pobal agus an t-ealaíontóir, sa chaoi is go mbeidh an dá pháirtí páirteach sa chinneadh maidir le conas a chuirfear an tionscadal i gcrích. Ní mór an pobal nó grúpa a bheith "i gceannas ar an tionscadal ealaíne" ag gach céim de.

Tá an pobal chun tosaigh sa phróiseas iarratais seo agus tá sé freagrach as an bhfoirm iarratais a chur isteach. Mar sin féin, scríobhtar an togra leis an ealaíontóir agus i gcomhairle leo. Tá míreanna san fhoirm iarratais le líonadh isteach ag an bpobal agus mír amháin le líonadh isteach ag an ealaíontóir.

## Amlíne agus an méid atá ar fáil

Ba cheart amlíne 8 go 12 mhí a bheith sa tionscadal seo.

**Raon an mhaoinithe:** Is é €15,000 an tsuim is mó a dhámhfar.

Tá modhanna measúnaithe an-tábhachtach don snáithe maidir le Cur i gCrích Tionscadail freisin. Leo siúd cumhdaítear dul chun cinn, torthaí agus aschuir an tionscadail. Féach **Cuid 4.7** chun tuilleadh eolais a fháil faoi mhonatóireacht agus measúnú na Dámhachtana maidir le Cur i gCrích Tionscadail.

# 2.1 Cé atá incháilithe iarratas a dhéanamh ar Scéim ESP?

**Ní mór d'iarratasóirí a bheith ina gcónaitheoirí de chuid Phoblacht na hÉireann**

Tá Scéim ESP oscailte dóibh seo a leanas:

- Ealaíontóirí gairmiúla
- Grúpaí pobail
- Eagraíochtaí pobail

De ghnáth, ní mór duit a bheith ina gcónaitheoirí de chuid Phoblacht na hÉireann. Mar sin féin, i líon teoranta cásanna, féadfaimid glacadh le hiarratais ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann más rud é go ndéanfadh do thogra tairbhe do na healaíona i bPoblacht na hÉireann. Sa chás seo, ní mór duit a shonrú i d'fhoirm iarratais an chaoi a ndéanfadh sé amhlaidh.

**Incháilitheacht don Dámhachtain Taighde agus Forbartha do Chéimithe a fuair céim le gairid (le meantóireacht)**

Dar linne is ionann ealaíontóirí a fuair céim le gairid agus daoine d'aois ar bith lena mbaineann an méid a leanas:

- bhain siad céim amach ó chlár fochéime sna healaíona laistigh de thrí bliana anuas
- tá suim acu i slí bheatha ghairmiúil a fhorbairt, a fhiosrú nó tá siad ag bunú slí bheatha ghairmiúil i sa chleachtas ealaíon comhoibríoch

Díríonn an dámhachtain seo ar ealaíontóirí atá ag teacht chun cinn ina ngairmréim agus a chríochnaigh a mbunchéim agus nach bhfuil i mbun staidéar iarchéime nuair a bhronntar an dámhachtain ESP.

## Deis chothrom

Cuireann an Chomhairle Ealaíon agus Create (gníomhaireacht forbartha náisiúnta na n-ealaíon comhoibríoch) fáilte ar leith roimh iarratasóirí nua a léiríonn éagsúlacht shochaí na hÉireann. Spreagaimid iarratasóirí ó gach cearn den phobal iarratas a chur isteach beag beann ar:

- inscne
- claonadh gnéis
- stádas sibhialta nó teaghlaigh
- reiligiún
- aois
- míchumas
- cine nó ballraíocht i bpobal an Lucht Siúil
- cúlra socheacnamaíoch

San áireamh leis sin, tá gach aon cheann de na saintréithe a leagtar amach thuas, ach gan a bheith teoranta dóibh. Cuirimid fáilte freisin roimh thionscnaimh a sholáthraíonn deiseanna nó torthaí cothroma dóibh siúd lena mbaineann. Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach an beartas maidir le Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht ar shuíomh gréasáin na Comhairle Ealaíon.

## 2.2 Cé hé nó hí an t-iarratasóir?

Is ionann an t-iarratasóir agus an ealaíontóir aonair nó an eagraíocht nó pobal a gheobhaidh aon dámhachtain a thairgfear agus a bheidh freagrach as glacadh le téarmaí agus coinníollacha na dámhachtana sin.

Is ionann an príomhiarratasóir don Dámhachtain Taighde agus Forbartha agus an t-ealaíontóir ag a bhfuil sé beartaithe comhoibriú le pobal.

Is ionann an príomhiarratasóir don Dámhachtain maidir le Cur i gCrích Tionscadail agus an grúpa/na grúpaí pobail a chuireann iarratas isteach chun bheith ag obair le healaíontóir.

**Íocaimid dámhachtainí isteach i gcuntas bainc an iarratasóra**

Ní íocfaimid aon dámhachtain a thairgimid ach isteach i gcuntas bainc atá in ainm an iarratasóra.

## 2.3 Cé nach bhfuil i dteideal iarratas a chur isteach?

**Iad siúd a bhfuil tionscadail réamhphleanáilte acu nár forbraíodh in éineacht leis an bpobal**

Níl tú incháilithe má tá tú ag lorg daoine le páirt a ghlacadh i dtionscadal ealaíon réamhphleanáilte nár comhchruthaíodh leis an bpobal. Le bheith incháilithe, ní mór a bheith beartaithe agat tionscadal a phleanáil agus a fhorbairt ó thús go deireadh i gcomhar le grúpa nó grúpaí pobail ar leith.

**Iad siúd a bhfuil arb é an príomhchuspóir atá acu násláinte agus folláine**

Ní bheidh tú incháilithe do dhámhachtain má tá tú ag obair ar thionscadail ina bhfuil sláinte agus folláine mar phríomhchuspóir nó príomhthoradh de.

I réimse na nEalaíon agus na Sláinte, ní thacaíonn an Chomhairle Ealaíon ach le tograí a bhfuil aidhmeanna agus torthaí ealaíne acu mar aon leo siúd a bhaineann le sláinte agus folláine.

**Iad siúd arb é a bpríomhspriocghrúpa leanaí agus daoine óga**

Ní bheidh tograí, inarb é an príomhspriocghrúpa leanaí nó daoine óga, incháilithe. **Mar sin féin**, féadfaidh tú a bheith incháilithe má leagtar an méid céanna béime ar a laghad ar chleachtas idirghlúine. Féach suíomh gréasáin na Comhairle Ealaíon chun faisnéis a fháil faoi thacaíochtaí le haghaidh daoine óga agus leanaí.

**Iad siúd atá i mbun oideachas fochéime nó iarchéime**

Níl Dámhachtainí Taighde agus Forbartha oscailte do na daoine aonair a leanas:

- daoine atá i mbun oideachas fochéime (bonnchúrsaí san áireamh) nó iarchéime faoi láthair, nó
- daoine a bheidh i mbun oideachas fochéime nó iarchéime le linn na tréimhse a

bheidh an dámhachtain seo ar fáil

**Mar sin féin**, is féidir le hiarchéimí cur isteach ar Dhámhachtain maidir le Cur i gCrích Tionscadail. Ní mór don iarratasóir ainm an chúrsa a chur ar fáil agus taispeáint cén chaoi a mbaineann an tionscadal beartaithe lena gcuid staidéir, ar an bhFoirm Iarratais.

Iad siúd a chuireann togra isteach gan comhoibriú ealaíonta

Ní bheidh tograí ó ealaíontóirí ná ó eagraíochtaí ealaíon, nach gcuimsíonn comhoibriú ealaíonta le daoine nach gairmithe ealaíon iad, incháilithe do dhámhachtain.

**Eagraíochtaí a fhaigheann maoiniú faoi láthair faoi chláir dheontais na Comhairle Ealaíon (Maoiniú Straitéiseach, Maoiniú d'Ionaid Ealaíon agus Maoiniú Comhpháirtíochta)**
Ach d'fhéadfadh iarratasóirí a leithéid d'eagraíochtaí a ainmniú mar chomhpháirtithe.

**Eagraíochtaí agus daoine aonair a fhaigheann Maoiniú Deontais do na hEalaíona (mura gcuireann an Chomhairle Ealaíon nó Create a mhalairt in iúl go sonrach)**
Ach d'fhéadfadh iarratasóirí a leithéid d'eagraíochtaí a ainmniú mar chomhpháirtithe.

**Institiúidí Neamh-incháilithe**

Níl Forais Chultúrtha Náisiúnta (CNCI) (ná a gcomhaltaí Comhairle) arna maoiniú go díreach ag an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt incháilithe do na dámhachtainí seo.

Má mheastar go bhfuil d'iarratas neamh-incháilithe, ní dhéanfaimid measúnú air. Mar sin féin, tá tú i dteideal iarratas eile a chur isteach i leith an togra chéanna le linn babhtaí maoinithe amach anseo má athraíonn tú é chun a chinntiú go gcloíonn tú leis na critéir incháilitheachta. Is féidir leat dul i dteagmháil linn (info@create-ireland.ie/ 014736600) le haghaidh seisiún comhairleach má roghnaíonn tú é seo a dhéanamh.

## 2.4 Cén maoiniú ar féidir leat iarratas a dhéanamh air?

Sa chuid seo, insítear duit faoin méid seo a leanas:

- Maoiniú do Dhámhachtainí Taighde agus Forbartha
- Maoiniú do Dhámhachtainí maidir le Cur i gCrích Tionscadail
- An méid maoinithe ar cheart duit iarratas a dhéanamh air
- Maoiniú do chostais rochtana d'ealaíontóirí nó rannpháirtithe faoi mhíchumas

### Maoiniú do Dhámhachtainí Taighde agus Forbartha

Maoiníonn an dámhachtain seo obair thaighde agus forbartha a mhaireann suas le 6 mhí. Is féidir leat iarratas a dhéanamh ar chostais rochtana freisin.

| Rogha 1: Dámhachtain Taighde & Forbartha (gan mheantóireacht) |
|---|
| **Uasmhéid na dámhachtana: €3,500** |

| Rogha 2: Dámhachtain Taighde agus Forbartha (le meantóireacht) |
|---|
| **Uasmhéid na dámhachtana: €4,500**<br>Briseann sé seo síos mar €3,500 don Dámhachtain Taighde agus Forbartha agus €1,000 do mheantóir an ealaíontóra |

**Dámhachtain Taighde agus Forbartha do Chéimí a fuair céim le gairid (le meantóireacht)**

**Uasmhéid na dámhachtana: €5,500**

Briseann sé seo síos mar €3,500 don Taighde agus Forbairt agus €1,000 do mheantóir an chéimí. Is féidir le céimí a fuair céim le gairid iarratas a dhéanamh ar suas le €1,000 sa bhreis. Tá an maoiniú seo beartaithe chun tacú le forbairt a gcleachtais.

Is féidir leis an gcéimí, a fuair céim le gairid, an maoiniú breise a úsáid le riachtanais tacaíochta bhreise a chumhdach, amhail:

- caidrimh a fhorbairt le comhpháirtithe (nílimid ag súil go gcaithfeá uaireanta breise teagmhála i measc an phobail)
- níos mó taighde deisce (staidéar ar cháipéisí nó ar thionscadail eile)
- saineolas breise a thabhairt isteach

D'fhéadfaí an méid a leanas a áireamh le saineolas breise:

- iriseoir
- oibrí forbartha pobail
- oibrí cúraim sláinte
- duine a bhfuil saineolas acu a fheabhsóidh cleachtas an ealaíontóra agus forbairt an tionscadail fhéideartha

# Maoiniú do Dhámhachtainí maidir le Cur i gCrích Tionscadail

Beidh an dámhachtain seo le haghaidh tionscadail a mhaireann idir 8 agus 12 mhí. Is é €15,000 an tsuim is mó a dhámhfar. Is féidir leat iarratas a dhéanamh ar chostais rochtana freisin.

| Dámhachtain maidir le Cur i gCrích Tionscadail |
| --- |
| Uasmhéid na dámhachtana: €15,000 |

## An méid maoinithe ar cheart duit iarratas a dhéanamh air

Molaimid go gcuirfeá isteach ar an méid iomlán atá ar fáil maidir le gach dámhachtain. Le cinntiú cé mhéad maoinithe ar cheart duit iarratas a dhéanamh air, beidh ort buiséad do thogra a oibriú amach ar dtús. Féach ar an Teimpléad Buiséid, atá ar fáil ar an suíomh Gréasáin Create, le haghaidh tuilleadh eolais ar conas do bhuiséad a chruthú agus cad a bhfuilimid ag súil leis ar an bhfoirm iarratais.

# 2.5 Costais rochtana d'ealaíontóirí nó rannpháirtithe faoi mhíchumas

Tá an Chomhairle Ealaíon tiomanta dár gcláir mhaoinithe agus an obair a mhaoinímid a dhéanamh inrochtana do chách.

Tógann an Chomhairle Ealaíon an sainmhíniú ar mhíchumas ó *Airteagal 1 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas*, ina sonraítear:

> 'Áirítear i measc daoine faoi mhíchumas na daoine sin ar a bhfuil mallachair fhadtéarmacha de chineál fisiciúil, meabhrach, intleachtúil nó céadfach ar mallachair iad, nuair a nasctar iad le nithe eile, a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le cosc ar pháirteachas iomlán éifeachtach sa tsochaí ar an mbonn céanna le daoine eile.'

Is féidir leat costais rochtana a chur san áireamh le d'iarratas. Tá dhá chineál ann ar féidir leat iarratas a dhéanamh ina leith.

## Costais rannpháirtí nó rochtana phearsanta

Ba cheart go mbeadh sé níos éasca d'ealaíontóirí nó do rannpháirtithe faoi mhíchumas páirt a ghlacadh i do thionscadal mar gheall air sin. Mar shampla:

- tusa
- na príomhealaíontóirí, daoine aonair, grúpaí nó eagraíochtaí a bhfuil baint acu le do thogra
- comhpháirtithe nó comhoibrithe
- foireann léiriúcháin

- príomhfhoireann nó príomhphearsanra riaracháin

Seo a leanas samplaí de thacaíocht, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- ateangaire Theanga Chomharthaíochta na hÉireann
- seirbhísí oibrí tacaíochta rochtana

Is féidir leat iarratas a dhéanamh ar chostais rochtana rannpháirtí nó pearsanta go leithleach, anuas ar uasmhéid na dámhachtana.

## Costais a bhaineann le do chuid oibre a dhéanamh insroichte do dhaoine eile - costais rochtana poiblí

Táimid ag iarraidh a chinntiú go mbainfidh tuilleadh daoine sásamh as eispéiris ealaíon ar ardchaighdeán agus gur féidir le gach duine rochtain a fháil ar an obair a mhaoinímid agus sásamh a bhaint aisti.

Is ionann costais rochtana poiblí agus costais chun do chuid oibre a dhéanamh inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas, agus ba cheart iad a mheas mar ghnáthchuid de do chuid oibre.

Sampla de chostais rochtana chun do chuid oibre a dhéanamh insroichte do lucht féachana is ea:

- ateangaire Theanga Chomharthaíochta na hÉireann (TCÉ )le haghaidh d'imeachta nó le haghaidh do thaibhithe
- úsáid a bhaint as seirbhís tráchtaireachta fuaime
- do shuíomh gréasáin a chur in oiriúint do léitheoirí scáileáin
- ábhair thaispeántais a chruthú i bhformáidí eile amhail Braille nó formáid fuaime

Ní mór costais rochtana poiblí a bheith san áireamh leis an uasmhéid dámhachtana agus meastar iad a bheith mar ghnáthchuid de bhuiséad do thionscadail.

## Cad a tharlóidh má tá an maoiniú a chuirtear ar fáil le haghaidh costais rochtana do dhaoine faoi mhíchumas níos lú ná an méid a d'iarr mé?

Má thairgimid níos lú airgid ná an méid a d'iarr tú, pléifimid leat conas is féidir do bhuiséad a mhionathrú chun cloí leis an mbuiséad níos lú.

## Conas iarratas a dhéanamh ar chostais rochtana do dhaoine faoi mhíchumas

Ní mór dúinn tuiscint a fháil ar an bhfáth a bhfuil tú ag cur isteach ar chostais rochtana do dhaoine faoi mhíchumas agus ar an gcaoi a gcomhlíonann siad riachtanais do rannpháirtithe nó do lucht féachana. Ní mór duit cáipéis a uaslódáil ina liostaítear na costais sin le do chuid ábhair thacaíochta. Féach **Cuid 2.8** chun tuilleadh a léamh faoi na cáipéisí is gá a chur san áireamh chun tacú le d'iarratas ar chostais rochtana do dhaoine faoi mhíchumas.

## 2.6 Céard is féidir agus nach féidir leat iarratas a dhéanamh air

Ní féidir leat cur isteach ar níos mó ná dámhachtain amháin sa bhabhta maoinithe céanna. Ciallaíonn sé sin an méid a leanas:

- Ní féidir le hiarratasóir iarratas a chur isteach ar Dhámhachtain Taighde agus Forbartha agus ar Dhámhachtain maidir le Cur i gCrích Tionscadail le haghaidh an smaoinimh tionscadail chéanna sa bhabhta céanna
- Ní féidir ealaíontóir aonair a ainmniú i níos mó ná iarratas amháin sa bhabhta céanna. Mar sin féin, is féidir iad a ainmniú mar mheantóir sa dara hiarratas.

### Ní mhaoineoidh dámhachtainí Scéim ESP an méid a leanas:

- Tionscadal nó clár oibre reatha
- Tionscadal nó cláir oibre nach bhfuil bainteach leis na healaíona
- Príomhchostais leanúnacha
- Mórcheannacháin chaipitiúla (Mar shampla trealamh, ríomhairí glúine, ceamaraí agus mar sin de a cheannach. Níl siad seo cumhdaithe ag dámhachtainí.)
- Tionscadal a fhaigheann maoiniú eile de chuid na Comhairle Ealaíon
- Obair nach bhfuil comhoibríoch
- Gníomhaíochtaí nó costais nach noireann do chuspóir na dámhachtana
- Gníomhaíochtaí atá níos oiriúnaí do dhámhachtain eile atá á maoiniú ag an gComhairle Ealaíon, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta don mhéid a leanas:
    - Cultúr Éireann
    - Fís Éireann (ar a dtugtaí Bord Scannán na hÉireann roimhe)
    - Comhairle Dearaidh agus Ceardaíochta
    - Comhairle Náisiúnta na nÓg
- Gníomhaíochtaí a tharla cheana féin nó a chríochnófar sula ndéanfar cinneadh faoi d'iarratas
- Gníomhaíochtaí a dtugtar fúthu chun airgead a thiomsú le haghaidh carthanais, chun páirt a ghlacadh i gcomórtas, nó chun brabús a ghnóthú
- Gníomhaíochtaí a dhíríonn ar theiripe ealaíne go príomha, seachas ar thorthaí ealaíonta
- Gníomhaíochtaí a ndearna an Chomhairle Ealaíon nó Scéim ESP measúnú orthu cheana féin, mura bhfuil an méid a leanas fíor:
    - léiríonn tú go ndearna tú forbairt shuntasach ar an togra ónar chuir tú iarratas isteach an uair roimhe
    - mhol an Chomhairle duit go sainiúil d'iarratas a atreorú chuig an dámhachtain seo (tabhair do d'aire nach gciallaíonn a leithéid de mholadh go n-éireoidh le d'iarratas).
- Tionscadail nach n-íoctar an príomhealaíontóir as a rannpháirtíocht iontu (má bhíonn ceist ar bith agat, téigh i dteagmháil le Create)
- Gníomhaíochtaí nach bhforáiltear dá bhfoirm ealaíne ná dá gcleachtas ealaíon le dámhachtain ESP. Féach Cuid 2 chun níos mó a fhoghlaim faoi na foirmeacha ealaíne a mhaoiníonn an Chomhairle Ealaíon.

## 2.7 Critéir incháilitheachta

Ní dhéanfaimid d'iarratas a mheas ach amháin má tá an méid a leanas fíor:

- ní chomhlíonann tú na riachtanais incháilithe (**Cuid 2.1**)
- fuarthas d'iarratas agus do cháipéisí tacaíochta roimh an spriocdháta
- chuir tú an fhoirm iarratais agus an t-ábhar tacaíochta isteach ar líne

Ní ghlactar le hiarratais trí ríomhphost ná le hiarratais ar pháipéar. Ní ghlacaimid ach le hiarratais tríd an fhoirm iarratais ar líne amháin.

## 2.8 Ábhar tacaíochta

**Treoir maidir le hábhar tacaíochta is gá a chur isteach le d'iarratas**

Ní mór duit an t-ábhar tacaíochta riachtanach a chur isteach, ionas gur féidir linn glacadh le d'iarratas. Déanann tú an t-ábhar seo a uaslódáil le d'fhoirm iarratais. Cabhraíonn an t-ábhar tacaíochta leis an duine a bhfuil measúnú á dhéanamh acu ar d'iarratas chun tuiscint níos soiléire a fháil ar do thogra.

**Is é an chúis is coitianta a meastar iarratais a bheith neamh-incháilithe ná toisc nár chuir an t-iarratasóir an t-ábhar tacaíochta isteach.**

### Caithfidh gach iarratasóir na rudaí seo a leanas a chur isteach:

**CVanna mionsonraithe agus cothrom le dáta**

Ní mór CV a chur isteach le haghaidh gach ealaíontóir atá páirteach sa tionscadal beartaithe. Ba cheart trí leathanach a bheith ann ar a mhéad.

**Samplaí de shaothar a rinneadh roimhe seo**

Ní mór duit samplaí de shaothar a rinne tú roimhe seo a chur isteach a léiríonn ábharthacht don tionscadal atá beartaithe. Ach seol chugainn an méid a leanas **ar a mhéad**:

- 10 n-íomhá
- 3 théacs
- 3 fhíseán
- 3 ghearrthóg fuaime

Ba cheart duit nóta a chur leo ina mínítear ábharthacht gach sampla. Féach **Cuid 3.1** le haghaidh tuilleadh sonraí maidir le samplaí de shaothar a rinneadh roimhe seo a chur isteach.

**Fianaise ar thacaíochtaí airgeadais nó urraíocht**

Ní mór duit fianaise ar aon tacaíocht airgeadais nó urraíocht a aithníodh i mbuiséad an tionscadail a thaispeáint dúinn. Mar shampla:

- Meabhrán tuisceana
- Litir thairisceana
- Ráiteas tacaíochta

**Maoiniú le haghaidh riachtanais rochtana**

Ní mór dúinn tuiscint a fháil ar an bhfáth a bhfuil tú ag cur isteach ar chostais rochtana do dhaoine faoi mhíchumas agus ar an gcaoi a gcomhlíonann siad riachtanais do rannpháirtithe nó do lucht féachana. Ní mór duit cáipéis a uaslódáil ina liostaítear na costais sin le do chuid ábhair thacaíochta. Is féidir leat [teimpléad roghnach na gCostas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas] seo a úsáid chun é sin a dhéanamh. Ní mór duit na costais a léiriú in dhá líne ar leithligh i do theimpléad buiséid freisin.

- Líne do chostais rochtana pearsanta do dhaoine faoi mhíchumas (féach an teimpléad buiséid – líne 6.2)
- Líne do chostais rochtana lucht féachana/éisteachta do dhaoine faoi mhíchumas (féach an teimpléad buiséid – líne 5)

**Fianaise ar thacaíocht an phobail**

Má tá tú ag cur isteach ar Dhámhachtain Taighde agus Forbartha, ní mór fianaise ar thacaíocht an phobail a bheith san áireamh leis an iarratas. Mar shampla, litir ina léirítear tacaíocht nó spéis páirt a ghlacadh sa Dámhachtain Taighde agus Forbartha agus sa tionscadal féideartha amach anseo.

Ba cheart go mbeadh litreacha tacaíochta nó léirithe spéise scríofa ag daoine nó grúpaí a chomhoibreoidh ar bhealach gníomhach leis an ealaíontóir. Cuidíonn na litreacha sin le fíorspéis agus rannpháirtíocht an phobail a léiriú.

**Cad atá le cur isteach:**

Bí sonrach. Ní mór go ndéanfaí cur síos soiléir i ngach litir ar na nithe seo a leanas:

- Cé a thacaíonn leis an tionscadal (cuir ainmneacha nó róil san áireamh, agus cé mhéad duine a bheidh páirteach).
- Cén fáth a bhfuil spéis acu comhoibriú leis an ealaíontóir.
- Cad iad na huaillmhianta nó an dóchas atá acu maidir leis an gcomhoibriú ealaíonta (e.g. comhroinnt scileanna, torthaí sa phobal, spriocanna cruthaitheacha).

Má tá an litir scríofa ag príomheagraíocht nó eagraíocht tacaíochta:

- Dírigh ar thacaíocht an phobail leis an tionscadal, ní hamháin go bhfuil an eagraíocht ag iarraidh comhpháirtí.
- Taispeáin go ndéanann an eagraíocht ionadaíocht don phobal agus go léiríonn sí spéis agus tacaíocht an phobail.

Cad atá le cur san áireamh sa litir:

- Tabhair achoimre shoiléir ar na bealaí a raibh an t-ealaíontóir agus an pobal i dteagmháil lena chéile go dtí seo.
- Bí sonrach faoin méid seo:
  - Cé mhéad duine atá páirteach nó a ndeachthas i gcomhairle leo go dtí seo.
  - Cé hiad féin (e.g. baill den phobal, seanóirí, an t-aos óg, grúpaí áitiúla).
  - Cén fáth a bhfuil spéis acu in obair an ealaíontóra agus sa chéim thaighde nó forbartha.
- A n-uaillmhianta maidir leis an gcomhoibriú ealaíonta – conas a chuirfidh an comhoibriú seo

leis an bpobal nó cén tairbhe a bhainfidh an pobal as

**Faisnéis faoi mheantóirí**

Má tá tú ag cur isteach ar Dhámhachtain Taighde agus Forbartha le meantóireacht, ní mór go mbeadh an méid seo a leanas san áireamh leis an iarratas:

- CV nó beathaisnéis aon mheantóra mholta. Ba cheart trí leathanach a bheith i CVanna nó i mbeathaisnéisí ar a mhéad
- sceideal na gcruinnithe leis an meantóir beartaithe
- litir ón meantóir, lena n-áirítear comhaontú go n-íocfar €1,000 leis an meantóir, ina dtugtar breac-chuntas ar mhiondealú na táille

Ní mór go mbeadh an meantóir ina ngairmí ealaíon.

# Ábhar breise a bhíonn de dhíth i gcásanna áirithe

**Seirbhísí do leanaí agus do dhaoine óga**

Éilíonn an Chomhairle Ealaíon ar gach duine aonair agus ar gach eagraíocht a sholáthraíonn seirbhísí do leanaí agus do dhaoine óga atá faoi bhun 18 mbliana d'aois beartais agus nósanna imeachta oiriúnacha um chosaint leanaí a bheith i bhfeidhm acu. Áirítear leis sin seirbhísí amhail gníomhaíochtaí cultúrtha, áineasa nó oideachais.

Agus iarratas á dhéanamh isteach, ní mór duit a chur in iúl cé acu a bhaineann do thionscadal le leanaí nó daoine óg faoi bhun 18 mbliana d'aois nó nach mbaineann. Má fhreagraíonn tú 'Baineann' agus má éiríonn le d'iarratas, ní mór duit cloí le coinníollacha áirithe. Áirítear leis sin a dheimhniú go bhfuil beartais agus nósanna imeachta oiriúnacha um chosaint leanaí i bhfeidhm agat agus fianaise a thaispeáint i dtaca leo. Tá tuilleadh eolais ar https://www.tusla.ie/.

**Ag obair le daoine leochaileacha**

Má bhaineann do thogra le bheith ag obair le daoine soghonta agus má éiríonn leis, beidh ort cloí le coinníollacha áirithe. De réir FSS is ionann Duine Soghonta agus duine fásta ag a bhfuil cumas teoranta maidir leis / léi féin a chosaint ar dhíobháil nó ar dhúshaothrú nó maidir le tuairisc a dhéanamh ar a leithéid de dhíobháil nó dúshaothrú.

Ní mór duit a dhearbhú go gcloíonn tú le 'Beartas agus Nósanna Imeachta Náisiúnta um Chosaint Daoine Soghonta atá i mBaol Drochúsáide'.

**Oibriú le hainmhithe**

Má tá obair le hainmhithe i gceist le do thogra, agus má éiríonn leis, mar choinníoll ar an maoiniú, ní mór duit cóip den cháipéis Beartas agus Nósanna Imeachta um Chosaint Leasa Ainmhithe de do chuid a chur ar fáil.

**Ábhar tacaíochta roghnach**

Sa mhullach ar an ábhar tacaíochta riachtanach a luaitear thuas, féadfaidh tú aon ábhar eile a chur isteach a mheasann tú atá ábhartha i gcomhair d'iarratais.

# 3: D'iarratas a dhéanamh ar líne

# 3: D'iarratas a dhéanamh ar líne

Caithfidh tú an fhoirm ar líne a úsáid chun d'iarratas a chur isteach. Tá an fhoirm seo le fáil ar shuíomh gréasáin Create. Mura bhfuil an fhoirm ar líne inrochtana duit, déan teagmháil le Create. Déanfaimid ár ndícheall chun cuidiú leat má théann tú i dteagmháil linn trí:

- ríomhphost: info@create-ireland.ie nó
- glaoch teileafóin ag (01) 473 6600


Sula dtosaíonn tú ar d'iarratas a líonadh isteach, léigh na ceisteanna ar dtús. Ansin ullmhaigh do chuid freagraí agus úsáid á baint as an bhfoirm iarratais "nach bhfuil ach le haghaidh tagartha" [atá ar fáil ar leathanach na ndámhachtainí].


Beidh sé ina chuidiú an fhoirm seo a léamh agus a bheith ar an eolas faoi cad atá le súil sula líonann tú an fhíorfhoirm isteach ar líne.

Nuair a thosaíonn tú ar an bhfoirm ar líne a líonadh isteach, is féidir leat d'iarratas a shábháil le linn duit a bheith á dhéanamh agus rochtain a fháil arís air laistigh de 30 lá, ach cuimhnigh nach mór duit é ar fad a chur isteach faoin spriocdháta.

## Déan cinnte go bhfuil tú an fhoirm cheart á líonadh agat

Tá dhá fhoirm iarratais ann, ceann amháin in aghaidh na dámhachtana. Tá gach foirm lipéadaithe go soiléir le ceann de na lógónna thíos. Seiceáil lena chinntiú go bhfuil an fhoirm cheart agat le do thoil.




Bain úsáid as na cnaipí le dul ar ais agus chuig an gcéad cheann eile chun do bhealach a dhéanamh tríd an bhfoirm. Ach, tabhair faoi deara nach bhféadfaidh tú dul tríd an bhfoirm gan na ceisteanna riachtanacha (de dhíth) ar fad a fhreagairt. Tá ná ceisteanna sin marcáilte le réalta dhearg.




Féadfaidh tú é a shábháil agus leanúint ar aghaidh ar ball más maith leat dul ar ais chuig d'iarratas ar líne. Chun é sin a dhéanamh, cliceáil ar an gcnaipe a bhfuil *"save and continue later"* air. Tabharfaidh sé seo ar ais thú chuig leathanach le nasc. Féadfaidh tú an nasc seo a sheoladh ar ríomhphost chugat féin, ach úsáid a bhaint as an mbosca atá curtha ar fáil.

Nuair atá an seoladh ríomhphoist críochnaithe agat agus "cuir isteach" brúite agat feicfidh tú scáileán ar a ndeimhnítear go bhfuil do dhul chun cinn seolta chuig do sheoladh ríomhphost.

Féadfaidh tú rochtain a fháil ar d'fhoirm iarratais ach úsáid a bhaint as an nasc a seoladh chuig do sheoladh ríomhphoist (déan cinnte na fillteáin turscair agus bhruscair a sheiceáil). Ní mór duit an fhoirm a chur i gcrích laistigh de 30 lá tar éis duit an nasc a fháil, agus roimh spriocdháta an iarratais.

## 3.1 Do chuid ábhair thacaíochta a ullmhú

Ní mór duit ábhar tacaíochta a chur san áireamh i dteannta le d'iarratas. Féach ar **Chuid 2.8**. Ní mór duit an t-ábhar tacaíochta sin ar fad a chur isteach ar líne. Mar sin, más gá, d'fhéadfadh go mbeadh ort ábhar a scanadh nó a shábháil i bhformáid leictreonach.

### Na formáidí comhaid a nglactar leo

Liostaítear sa tábla seo a leanas na formáidí comhaid atá inghlactha mar chuid d'iarratas:

| Cineál comhaid | Iarmhír comhadainm |
|---|---|
| Téacschomhaid | .rtf/.doc/.docx/.txt |
| Scarbhileoga | .xls/.xlsx |
| Comhaid Adobe Acrobat Reader | .pdf |

Ar mhaithe le háisiúlacht, bailigh na comhaid go léir a theastóidh uait in aon fhillteán amháin ar do ríomhaire.

### Naisc físe agus fuaime a Chur Isteach

Ní féidir leat comhaid fuaime ná físe a lódáil go díreach chuig an bhfoirm iarratais. Más maith leat gearrthóg fuaime nó físeán a chur i d'iarratas, féadfaidh tú naisc a chur ar fáil chuig ábhar atá á óstáil ar SoundCloud, YouTube nó Vimeo.

Chun é sin a dhéanamh, cóipeáil an URL (seoladh iomlán na háite ina bhfuil d'ábhar á óstáil, mar shampla ar YouTube) isteach i gcáipéis Microsoft Word nó OpenOffice Writer. Uaslódáil é mar 'cháipéis ina bhfeidhmíonn naisc ghréasáin'.

Ní bhreathnóimid ach ar naisc leis na suíomhanna óstála a liostaítear thuas.

Mura mian leat go mbeadh ábhar a uaslódálann tú le d'iarratas le feiceáil go poiblí, féadfaidh tú d'fhíseán a mharcáil mar 'neamhliostaithe' nó cosanta ag pasfhocal sna socruithe. Déan cinnte go dtugann tú an pasfhocal dúinn chomh maith.

Tabhair do d'aire, nach mór ábhar tacaíochta neamhspleách, amhail CVanna agus litreacha tacaíochta, a uaslódáil mar cháipéisí ar leith le d'iarratas. Ní ghlacfaimid le naisc chuig suíomhanna comhroinnte comhad amhail Google Drive.

## Comhaid a ainmniú go cuí


Maidir le gach comhad a bhfuil sé ar intinn agat é a uaslódáil, tabhair comhadainm air a léiríonn go soiléir cad atá ann nó cad a léirítear leis. Mar shampla, ba chóir go mbeadh sé soiléir ó ainm an chomhaid cibé an CV, téacs samplach nó léirmheas ar shaothar roimhe seo atá sa cháipéis. Cuir doiciméid tacaíochta isteach i gcomhaid ar leith atá ainmnithe go cuí.

| | |
|---|---|
| **Ainmneacha maithe le tabhairt ar chomhaid i gcás iarratasóra darb ainm Jack Russell** | JackRussell soundcloud link.doc<br>JackRussell support letters.pdf<br>JackRussell Child Protection Policy.doc<br>JackRussell youtube link.doc |

Is ionann an t-uasmhéid iomlán maidir leis an ábhar tacaíochta ar fad a uaslódáiltear le hiarratas amháin agus **128 MB**. Is é 16 MB an t-uasmhéid le haghaidh gach comhaid. Ní lódálfaí comhaid atá níos mó ná sin agus ní féidir leat iad a chur san áireamh i d'iarratas.

Chun ábhair thacaíochta a lódáil san fhoirm ar líne, déan na comhaid a tharraingt agus a scaoileadh isteach sa bhosca atá curtha ar fáil, nó roghnaigh na comhaid ceann ar cheann.

Taispeánann an íomhá thíos trí chomhad ag lódáil go réidh. Más gá duit ceann nó níos mó a bhaint, féadfaidh tú cliceáil ar an "X" dearg nó deilbhín bruscair




.

# 4. Próiseáil agus measúnú na n-iarratas

## 4.1 Forbhreathnú

Déanann Create bainistíocht ar Scéim ESP ar son na Comhairle Ealaíon. Tugaimid tacaíocht do mheasúnú an phainéil agus don phróiseas cinnteoireachta. Coinneoimid iarratasóirí ar an eolas faoi na próisis sin, i gcomhréir lenár nósanna imeachta. Is é ár n-aidhm ná a dhéanamh cinnte de go bhfuil córas cothrom trédhearcach ann maidir le dámhachtainí a bhronnadh.

## 4.2 An próiseas measúnaithe

Próiseálaimid na hiarratais go léir a fhaighimid do Scéim ESP mar a leanas:

| | |
|---|---|
| 1 | Déanfaimid d'iarratas a dheimhniú ar an tairseach ar líne |
| 2 | • Cinntímid go bhfuil d'iarratas incháilithe<br>• Téann gach iarratas incháilithe ar aghaidh chuig an gcéim mheasúnaithe ansin |
| 3 | • Déanann an painéal piaraí athbhreithniú ar na hiarratais go léir agus ar an ábhar gaolmhar<br>• Cuireann siad scór leis na hiarratais agus déanann sé cinntí fúthu |
| 4 | Seolaimid na torthaí chuig na hiarratasóirí trí ríomhphost |
| 5 | Más mian leat aiseolas faoi d'iarratas, ní mór duit é a iarraidh laistigh de 2 sheachtain tar éis fhógra an phainéil faoin gcinneadh a fháil |
| 6 | Déanann Create agus an Chomhairle Ealaíon nóta de na cinntí |

**Achar ama sular bhfógraítear an toradh – suas le 7 seachtaine**

Déanann Create iarracht iarratais a phróiseáil chomh tapa agus is féidir. Mar gheall ar líon na n-iarratas agus ar an bpróiseas dianmheasúnaithe, d'fhéadfadh sé suas le seacht seachtaine a thógáil ón spriocdháta go dtí go ndéanfar na cinntí.

## 4.3 Critéir chun na hiarratais uile a mheasúnú

**Tá sé ríthábhachtach na critéir mheasúnaithe a léamh sula gcuireann tú d'iarratas isteach, toisc go mínítear sa chuid seo an chaoi a ndéanfaidh an painéal measúnú ar d'iarratas.**

Déantar gach iarratas a mheasúnú i gcomhthéacs iomaíoch. Is é sin le rá gur mó líon na n-iarratas ná líon na ndámhachtainí atá ar fáil. Déanann painéalaithe measúnú ar gach iarratas, bunaithe ar an bhfaisnéis agus na hábhair a chuireann tú isteach.

Déanaimid iarratais a mheasúnú de réir a fheabhas is a chloíonn siad le cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana (féach **Cuid 1.2**).

Go háirithe, déanaimid na hiarratais a mheasúnú d'fhonn a chinntiú go mbeidh na próisis nó modhanna comhoibríoch. I dtaca le Dámhachtainí maidir le Cur i gCrích Tionscadail, ba cheart go mbeadh tionchar díreach ag na rannpháirtithe ar an bpróiseas agus ar an táirge, ó thús go deireadh.

## Fiúntas ealaíne

Dírítear i measúnú ar an bhfiúntas ealaíne ar an iarratasóir agus orthu siúd atá bainteach leis an tionscadal chomh maith leis an gcineál gníomhaíochta ealaíon atá beartaithe, agus áirítear leis breathnú ar an méid seo a leanas:

## Caighdeán an smaoinimh

Agus an méid a leanas sa togra –

- cuspóirí taighde (Taighde agus Forbairt amháin)
- an ghníomhaíocht ealaíon (Cur i gCrích Tionscadail amháin)

## Cuntas Teiste

Déanaimid measúnú ar chuntas teiste an iarratasóra agus an phearsanra ealaíonta a bhfuil baint acu leis an tionscadal faoi mar a thaispeántar é ina:

- CVanna
- ábhair thacaíochta eile a chuireann tú isteach

## Poitéinseal

Déanaimid measúnú ar phoitéinseal an iarratasóra agus an phearsanra ealaíonta, bunaithe ar an bhfaisnéis san fhoirm iarratais agus na hábhair thacaíochta

## An chaoi ar fhorbair an t-ealaíontóir

Déanaimid measúnú ar fhorbairt ghairmiúil an ealaíontóra mar atá léirithe san iarratas

## Uaillmhian, úrnuacht agus inniúlacht

Déanaimid measúnú ar an uaillmhian, ar an úrnuacht agus ar an inniúlacht atá le feiceáil sa togra

## Nuálaíocht, turgnamhaíocht agus comhoibriú

Déanaimid measúnú ar conas a léirítear nuálaíocht, turgnamhaíocht agus comhoibriú san iarratas

## Foirm Ealaíne

Comhthéacs na foirme ealaíne nó an chleachtais ealaíon lena mbaineann an ghníomhaíocht atá beartaithe

## Torthaí agus Aschuir

Déanfaimid measúnú ar an méid seo a leanas:

- Torthaí tuartha an taighde – (Taighde agus Forbairt amháin). Tagraíonn torthaí do na héifeachtaí, na hathruithe nó an tionchar a bheidh mar thoradh ar an bpróiseas ealaíonta
- Torthaí ealaíonta agus aschuir ealaíonta – (Cur i gCrích Tionscadail amháin). Ní mór go mbeadh tionscadal nó imeacht ealaíne mar thoradh ar an próiseas

  D'fhéadfaí an méid a leanas a áireamh leis na **torthaí**, mar shampla:

  - caidreamh feabhsaithe idir an t-ealaíontóir agus an pobal
  - níos mó feiceálachta ag grúpaí nó daoine faoi ghannionadaíocht
  - tionchar ar bheartas nó ar dhioscúrsa poiblí
  - úinéireacht an phobail ar an tionscadal

  D'fhéadfaí an méid a leanas a áireamh leis na **haschuir**, mar shampla:

  - taispeántas
  - taibhiú
  - foilseachán

## Indéantacht

Agus muid ag déanamh measúnú ar indéantacht, déanaimid breithniú ar a fheabhas is a léiríonn an t-iarratasóir gur féidir leo an ghníomhaíocht atá beartaithe a chur i gcrích. Déanaimid an méid a leanas a mheas:

## Cuntas Teiste

Déanaimid meas ar chuntas teiste an phearsanra a bhfuil baint acu leis an tionscadal a bhainistiú, a riar, agus a sholáthar

## Pá agus coinníollacha cothroma

Féachaimid ar an gcaoi a gcuireann tú coinníollacha agus pá cothrom ar fáil do gach ealaíontóir atá páirteach sa tionscadal

## Rannpháirtíocht le comhpháirtithe

Déanaimid a mhéid is atá comhpháirtithe tionscadail aitheanta páirteach nó tiomanta a mheas

## Buiséad

Déanfaimid an méid a leanas a mheas:

- An buiséad atá beartaithe agat
- D'fhoinsí ioncaim agus maoinithe
- an chaoi a mbainfear úsáid as an dámhachtain

Spreagaimid gach iarratasóir chun maoiniú a fhoinsiú ó chomhpháirtithe eile nó ar bhealaí eile

## Acmhainní

Déanaimid measúnú ar infhaighteacht acmhainní eile agus an rochtain atá agat orthu, lena n-áirítear tacaíocht chomhchineáil

## Amscála

Féachaimid ar do chlár ama nó ar do sceideal beartaithe

## Modhanna measúnaithe (Cur i gCrích Tionscadail amháin)

Féachaimid ar do mhodhanna measúnaithe. Is ionann sin agus na bealaí ina ndéanfar doiciméadú agus measúnú ar dhul chun cinn agus ar thorthaí an tionscadail

## Critéir chun measúnú a dhéanamh ar an meantóireacht

Ní mór d'iarratas a chuimsíonn meantóireacht an méid a leanas a thaispeáint:

- na riachtanais mheantóireachta ar leith a shainaithin tú
- an chaoi a gcuideoidh an mheantóireacht le cleachtas an ealaíontóra a fhorbairt
- an fáth a n-oireann an meantóir roghnaithe do riachtanais an ealaíontóra

# 4.4 Painéil Phiarmheasúnaithe

Is é cuspóir chruinnithe an phainéil piaraí ná éagsúlacht tuairimí saineolacha a cheadú chun faisnéis a chur ar fáil don phróiseas cinnteoireachta. Ar na painéil seo, de ghnáth bíonn triúr measúnóirí sheachtracha ar a laghad ag a bhfuil taithí ábhartha ar fhoirm ealaíne nó cleachtas ealaíon ar leith.

Déantar socrú roimh ré idir Create agus an Chomhairle Ealaíon maidir leis na daoine a d'fhéadfadh a bheith ar an bpainéal. D'fhéadfaí a áireamh leis sin daoine a bhfuil taithí chuí acu, chomh maith le heolas áitiúil agus sóisialta nó eolas pobail agus atá i gceann de na róil a leanas:

- cleachtóirí ealaíon
- bainisteoirí nó léiritheoirí ealaíon, nó
- oifigigh forbartha ealaíon

Treoraíonn ionadaí de chuid na Comhairle Ealaíon gach cruinniú painéil de ghnáth agus gníomhaíonn siad mar chathaoirleach gan ceart vótála. Déanann siad cathaoirleach ar an bplé agus cinntíonn siad go gcuirtear an próiseas i gcrích ar bhealach cothrom.

Beidh rochtain ag lucht an phainéil ar gach iarratas agus ar an ábhar gaolmhar go léir roimh lá an chruinnithe. Ag an gcruinniú, déanann siad na hiarratais ar an ngearrliosta a athbhreithniú, a phlé agus a scóráil. Ina dhiaidh sin, déantar iarratais a rangú de réir scóir.

## Próiseas Scórála

Iarrtar ar an bpainéal na hiarratais a scóráil de réir an chórais seo a leanas:

| A – Caithfear a Mhaoiniú (10 bpointe) |
|---|
| Comhlíonadh critéir go léir na dámhachtana san iarratas agus tá maoiniú tuillte aige ar an mbonn sin, suas leis an méid atá á iarraidh (más féidir). |
| **B – Ba Chóir a Mhaoiniú (8 bpointe)** |
| Chomhlíon an t-iarratas na critéir go suntasach agus tá maoiniú tuillte aige dá bharr sin, má tá buiséad na scéime maoinithe sách mór. |
| **C – D'fhéadfaí a Mhaoiniú (5 phointe)** |
| Comhlíonadh na critéir san iarratas, ach ní an oiread céanna leis na hiarratais eile. |
| **D – Ní Tosaíocht é (2 phointe)** |
| Níor chomhlíon an t-iarratas na critéir maith go leor agus níl maoiniú tuillte aige dá bharr sin. |

## Dearbhú leasa

Tá rialacha i bhfeidhm againn le cinntiú go ndéantar cinntí ar bhealach cóir. Ní mór do chomhaltaí painéil leas a dhearbhú má tá dlúthcheangal pearsanta nó gairmiúil acu le hiarratasóir nó má tá baint acu ar shlí ar bith leis an iarratas.

Bíonn 'leas' ina leas airgid nó ina leas neamhairgid. Mar shampla, d'fhéadfadh leas airgid a bheith ag baint le comhpháirtíochtaí gnó foirmiúla nó neamhfhoirmiúla. Bheadh leas neamhairgid i gceist le daoine amhail baill teaghlaigh nó comhpháirtíochtaí pearsanta.

Má tá leas ag painéalaí leis an iarratasóir, ní mór don duine an leas sin a dhearbhú a luaithe agus is eol dóibh. D'fhéadfadh sé sin tarlú nuair a iarrtar orthu suí ar an bpainéal (más eol an 'leas' ag an gcéim sin) nó tar éis dóibh liosta na n-iarratasóirí a fháil.

Sa chás go ndearbhaítear leas, ní bhfaighidh an painéalaí páipéir a bhaineann leis an iarratasóir sin. Beidh orthu an seomra a fhágáil nuair a bhíonn an t-iarratas ar leith á athbhreithniú. Nuair a tharlaíonn cás mar sin, vótálfaidh an Cathaoirleach in ionad an phainéalaí.

Uaireanta, d'fhéadfadh sé nach n-aithneodh painéalaí go bhfuil coinbhleacht leasa ann go dtí go bhfaigheann agus go ndéanann siad athbhreithniú ar na páipéir phainéil. I gcásanna den sórt sin, ní mór don phainéalaí Create a chur ar an eolas chomh luath agus a thuigeann siad go bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith i gceist.

Má tá coinbhleacht leasa ag Cathaoirleach ainmnithe an phainéil, ní mór dóibh é sin a dhearbhú i scríbhinn a luaithe agus is eol dóibh – roimh an gcruinniú. Sa chás sin, déanfaidh ball sinsearach d'fhoireann na Comhairle Ealaíon, nach bhfuil baint acu leis an iarratas, cathaoirleacht ar an bplé faoin iarratas sin ar leith.

# 4.5 Toradh na n-iarratas

Cuirtear gach iarratasóir ar an eolas trí ríomhphost maidir le toradh a n-iarratais. Má éiríonn leis an iarratas, seolfaimid litir thairisceana chugat ina sonrófar an méid a leanas:

- méid an mhaoiniúcháin a bronnadh ort
- téarmaí agus coinníollacha na dámhachtana
- conas do dhámhachtain a tharraingt anuas

Is dámhachtain iomaíoch í seo agus bíonn an t-éileamh ar mhaoiniú i gcónaí níos mó ná na hacmhainní atá ar fáil. Níl aon ghealltanas ann go mbronnfar dámhachtain mar gheall ar incháilitheacht agus comhlíonadh nósanna imeachta an iarratais amháin. Mura n-éireoidh le d'iarratas, is féidir leat aiseolas a iarraidh ar Create laistigh de dhá sheachtain.

Má tá an Chomhairle Ealaíon den tuairim go mbeadh an ghníomhaíocht atá beartaithe níos feiliúnaí do chlár dámhachtana eile, scríobhfaidh siad chugat chun é sin a chur in iúl duit.

Ní féidir le hiarratasóirí nach n-éireoidh leo iarratas a dhéanamh ar dhámhachtain eile de chuid na Comhairle Ealaíon nó Scéim ESP chun an ghníomhaíocht chéanna a dhéanamh ach amháin má léiríonn siad go bhfuil forbairt shuntasach déanta acu ar an togra ó rinne siad an t-iarratas roimhe.

Má chinntear go bhfuil d'iarratas neamh-incháilithe, ní dhéanfaimid measúnú air. **Beidh** cead agat iarratas a dhéanamh leis an togra céanna i mbabhtaí maoinithe sa todhchaí. Má tá sé i gceist agat iarratas a chur isteach arís, molaimid duit aiseolas a iarradh ar Create agus go gcuirfeá na moltaí óna n-aiseolas i bhfeidhm. Beidh ort a chinntiú go gcloíonn tú go fóill leis na ceanglais incháilitheachta.

### Achomhairc

Is féidir le hiarratasóirí achomharc a dhéanamh ar chinneadh maoinithe má mheasann siad gur sáraíodh na nósanna imeachta foilsithe, nó gur cuireadh i bhfeidhm go héagórach iad nó nár cloíodh leo. Féadfaidh tú achomharc scríofa a dhéanamh chuig an gComhairle Ealaíon, ina gcuirtear na cúiseanna leis an achomharc in iúl go soiléir, agus tú ag leanúint an phróisis atá leagtha amach ar a suíomh gréasáin.

## 4.6 Cáipéisíocht

Nuair a fhaigheann tú maoiniú le haghaidh tionscadail faoi Scéim ESP, ní mór duit na pointí a leanas a mheas. Ní mór duit é seo a dhéanamh toisc go mbeimid ag súil go seolfaidh tú tuairisc i scríbhinn chugainn le taifead fisiúil de phríomhchéimeanna nó de phríomhghnéithe an tionscadail.

### Doiciméadú ardchaighdeáin is gá a bhailiú agus a choinneáil

Ní mór taifead físiúil ar ardchaighdeán (grianghrafadóireacht, taifeadtaí físeáin nó scannáin) a choinneáil de phríomhchéimeanna nó de phríomhghnéithe na ngníomhaíochtaí a chuirtear i gcrích faoi Scéim ESP. Tá sin tábhachtach i gcás Dámhachtainí maidir le Cur i gCrích Tionscadail go háirithe. Tá doiciméadú ardchaighdeáin tábhachtach toisc go bhfeidhmíonn sí mar thaifead luachmhar den saothar. D'fhéadfaí é a úsáid:

- mar fhianaise maidir le húsáid an mhaoinithe
- chun píosaí den saothar a roinnt le lucht féachana nó éisteachta níos leithne, go háirithe saothair nach mbíonn saothar ealaíne buan fisiciúil mar thoradh orthu. Mar shampla, taibhiú nó saothair atá i suiteán sealadach
- i bhfoilseacháin amach anseo
- i gcás-staidéir
- mar acmhainn thábhachtach le haghaidh ealaíontóirí

Mar shampla, d'fhéadfadh an doiciméadú seo rianú a dhéanamh ar obair ón togra, trí fhorbairt tionscadail go haschuir amhail suiteáin agus taibhiú.

Mar gheall ar chineál na dtionscadal a mhaoinímid, d'fhéadfadh sé nach mbeadh na haschuir dheiridh buan. D'fhéadfaidís a bheith sealadach, dírithe ar shuíomh faoi leith, nó dírithe ar phointe ama ar leith.

**De ghnáth bíonn an príomhealaíontóir ag plé le doiciméadú an tionscadail.** Mar sin féin, nuair a tharraingíonn siad ealaíontóirí agus baill den phobal araon isteach sa phróiseas, cuidíonn sé sin le scéal a insint faoi smaointe a thrasnaíonn lena chéile agus dearcthaí difriúla. Ní gá go mbeadh na smaointe agus na dearcthaí ar aon dul lena chéile. Cuid thábhachtach de ghníomhaíochtaí a dhéantar faoi Scéim ESP is ea cáipéisíocht.

Ba cheart duit an costas a mheas a bhaineann le healaíontóir gairmiúil nó conraithe a fhostú chun an doiciméadú a dhéanamh duit. Má chinneann tú é sin a dhéanamh, ba cheart duit costas dhoiciméadú do ghníomhaíochtaí a chur san áireamh sa bhuiséad.

# 4.7 Tuairisciú, Monatóireacht agus Measúnú

## Tuairisciú

Má éiríonn leat maoiniú a fháil, beidh ort tuairisc a chur isteach ag deireadh na tréimhse maoinithe. Gheobhaidh tú faisnéis bhreise faoi na ceanglais tuairiscithe nuair a fhaigheann tú an dámhachtain.

## Monatóireacht agus Measúnú

San fhaisnéis thíos tá leideanna agus nithe le cuimhneamh orthu agus tú ag smaoineamh faoi mhonatóireacht agus measúnú:

## Cén fáth ar gá monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar do thionscadal

- Is uirlisí luachmhara iad monatóireacht agus measúnú le haghaidh ealaíontóirí agus pobal ar chóir iad a thosú go luath sa tionscadal. Cuidíonn siad le forbairt an tionscadail a dhoiciméadú de réir mar a théann sé chun cinn agus chun tacú le tuairisciú ionraic agus machnamhach ar fud an phróisis
- Tá an-tábhachtach le measúnú toisc go bhféadann sé cleachtas ealaíne a neartú tríd an bhfoghlaim agus machnamh criticiúil a spreagadh. Chomh maith leis sin tacaíonn sé le healaíontóirí agus le pobail dul in oiriúint agus fás trí fhoghlaim ó dhúshláin agus eispéiris
- Trí mhonatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar do thionscadal d'fhéadfadh sé cuidiú le Create agus leis an gComhairle Ealaíon tuiscint níos fearr a fháil ar thionchar na healaíne nuair atá sí comhoibríoch agus gníomhach go sóisialta
- Fágann sé go bhfuil an próiseas cruthaitheach níos feiceálaí, go háirithe dóibh siúd nach bhfuil baint dhíreach acu leis an tionscadal
- Cuireann sé faisnéis níos fearr ar fáil dúinn freisin toisc go gcuimsítear guthanna agus dearcthaí difriúla
- Spreagann sé machnamh agus foghlaim don ealaíontóir agus don ghrúpa pobail. D'fhéadfadh sé cuidiú le hobair amach anseo a mhúnlú
- Cuidíonn sé le heolas a dhéanamh do Create maidir leis an tírdhreach ginearálta sna healaíona comhoibríocha, ionas go mbeimid in ann feabhas a chur ar an gcaoi a dtacaímid le tionscadal amach anseo agus a dtéimid in ngleic leo

## Déan céimeanna an tionscadail a mheas

Is cleachtas próiseasbhunaithe é ealaín chomhoibritheach; mar sin, tá sé tábhachtach a mheas conas a dhéanfar monatóireacht ar an tionscadal, agus é a mheas i gcaitheamh a shaolré.

Nuair atáthar ag comhlíonadh na coda Monatóireacht agus Measúnú ar d'iarratas, déan do mhachnamh ar na trí chéim a bhaineann le healaín chomhoibríoch atá gníomhach go sóisialta agus ar an gcaoi a bhfuil baint acu lena chéile. Áirítear leis na trí chéim sin **Réamhléiriúchán, Léiriúchán**, agus **Iar-léiriúchán**.

Réamhléiriú isteach i **gCéim Taighde agus Forbartha** → Léiriúchán / **Céim Cur i gCrích Tionscadaill** → Iarléiriú / **Tar éis don tionscadal a bheith críochnaithe**

*Léirshamhlú de na céimeanna le haghaidh ealaín chomhoibríoch atá gníomhach go sóisialta*

## Breithniúcháin agus gníomhartha i rith an tionscadail

Déan do mhachnamh ar an méid a leanas ar feadh an tionscadail, agus tú ag measúnú do chuid oibre:

### Aitheantas an tionscadail a shonrú

Áirítear leis sin luachanna, creidimh agus cuspóir an tionscadail. Cén rud a bhfuil an tionscadal ag freagairt air?

### Caidrimh

Smaoinigh faoi chineál agus forbairt na gcaidreamh éagsúil a cruthaíodh ar fud an tionscadail idir comhoibrithe, baill an phobail, agus meantóirí.

- Conas a cuireadh tús leis na caidrimh sin?
- Conas a tháinig fás, athrú, feabhas nó lagú ar na caidrimh sin?
- Cén cineál struchtúr eagraíochtúil a forbraíodh agus cén fáth? An bhfuil na struchtúir seo:
    - ordlathach
    - eagraithe ón mbun aníos
    - daonlathach?
- Conas a dháiltear freagrachtaí i measc comhoibrithe?

### Inrianaitheacht agus solúbthacht

Déan inrianaitheacht agus solúbthacht chodanna difriúla na dtionscadal a mheas. Mar shampla, nithe amhail:

- an chaoi ar athraigh nó ar fhorbair sé ó thoradh beartaithe an tionscadail go dtí gur cuireadh i gcrích é?
- an chaoi a raibh aon cheann de na srianta a tháinig chun cinn difriúil leis na srianta a rabhthas ag súil leo?
- ar athraigh tú do chuid modhanna nó ar chuir tú in oiriúint iad mar fhreagairt air sin?

### Déan tionchar do thionscadail a thomhas

Bainimid úsáid as an téarma 'tionchar' chun cur síos a dhéanamh ar na bealaí difriúla ar fad a bhféadfadh tionchar a bheith ag an tionscadal ar na daoine a bhí páirteach ann. Áirítear leis sin ealaíontóirí agus aon eagraíochtaí nó institiúidí. Rudaí a d'fhéadfaí a thomhas is ea tionchair. Mar shampla, d'fhéadfaí a áireamh leo uimhreacha amhail líon na ndaoine a ghlac páirt sa tionscadal agus rátaí sástachta. Cuireann tionchair síos ar luach an tionscadail do dhaoine eile freisin, chomh maith leis na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith cruthaithe aige. Mar shampla:

- na daoine ar imir sé tionchar orthu.
- an chaoi ar imir sé tionchar orthu?
- cén luach a chuireann baill an phobail ar an tionchar seo?
- an bhfuil an luach seo difriúil leis an gceann a úsáideann na cleachtóirí?

Iarraimid ort machnamh a dhéanamh ar an gcothromaíocht idir torthaí cáilíochtúla (caighdeán an tionscadail) agus cainníochtúla (torthaí inbhraite ar féidir tomhas a dhéanamh orthu) an tionscadail.

### Guthanna éagsúla a léiriú

Déan cinnte go léiríonn do mheasúnú agus do mhonatóireacht na guthanna éagsúla a bhíonn bainteach le tionscadal. Mar shampla, b'fhéidir gur mhaith leat machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanfaidh tú monatóireacht ar fhreagraí na rannpháirtithe ag céimeanna éagsúla den tionscadal agus trí chéile.

Tá seo cosúil le tuairisciú agus spreagaimid aiseolas ionraic, oscailte agus machnamhach.

## Modhanna Measúnaithe

| Cainníochtúil | Cáilíochtúil |
|---|---|
| • Meastar é a bheith oibiachtúil<br>• Fócas ar uimhreacha<br>• Cuireann sé síos ar cé, cad, cá háit agus cathain<br>• Féachann sé le tomhas a dhéanamh. | • D'fhéadfadh sé a bheith níos suibiachtúla<br>• Fócas ar an scéal<br>• Cuireann sé síos ar cén fáth, conas<br>• Féachann sé le tuiscint a fháil<br>• Éilíonn sé machnamh criticiúil |

## Uirlisí measúnaithe

Anseo thíos tá rogha uirlisí a d'fhéadfaí a úsáid chun tacú le measúnú a dhéanamh ar thionscadail ealaíon atá comhoibríoch agus gníomhach go sóisialta, agus chun cuidiú leat machnamh a dhéanamh ar an bpróiseas, aiseolas a bhailiú, agus an tionchar a léiriú:

- Dialanna Machnamhacha
- Ceistneoirí/suirbhéanna le haiseolas ó rannpháirtithe
- Modhanna breathnóireachta/rannpháirtíochta
- Agallaimh, plé i ngrúpaí, fócasghrúpaí
- Amlínte Físiúla nó Léarscáiliú Tionscadail
- Anailís Théamach
- Modheolaíochtaí físiúla, e.g. léaráidí

# 5: Gluais Téarmaí

# 5. Gluais Téarmaí

**Ealaíontóir**

Duine atá ag leanúint gairm bheatha mar ealaíontóir ar bhonn gníomhach i bhfoirm ealaíne ar bith, agus a áiríonn a gcuid saothar ealaíon mar a bpríomhghairm nó gairm bheatha. Baineann seo fiú murab é a gcuid oibre na healaíona a bpríomh-fhoinse ioncaim nó má tá fostaíocht eile acu.

**Ealaíona comhoibríocha**

Sainmhíníonn Create na healaíona comhoibríocha mar a leanas: Baineann cleachtas na n-ealaíon comhoibríoch le healaíontóirí agus pobail a bhíonn ag obair go dlúth le chéile, go minic i gcaitheamh tréimhsí ama níos faide, chun ealaín a chruthú. Ní mór d'ealaíontóirí an aidhm a bheith acu tionscadal a phleanáil agus a fhorbairt óna chéimeanna is luaithe go dtí go gcuirtear i gcrích é i gcomhar le grúpa nó grúpaí ar leith, seachas rannpháirtithe a lorg chun páirt a ghlacadh i dtionscadal ealaíon a pleanáladh roimh ré. Féach sainmhíniú iomlán de 'Na healaíona comhoibríocha' ar shuíomh gréasáin Create.

**Pobal**

I Scéim na nEalaíontóirí sa Phobal, is é an chiall is leithne atá i gceist againn le pobal. D'fhéadfaí pobal a shainmhíniú mar ghrúpa daoine a thagann le chéile mar gheall ar chuspóir comhchoiteann. D'fhéadfaí a bheith san áireamh leis sin pobail áite (daoine a thugtar le chéile trí láthair chomhchoiteann, mar shampla an áit ina bhfuil siad ina gcónaí, a n-ionad oibre, srl) nó pobail arna n-aontú ag spéis ar leith, nó an dá chineál pobail.

**Toradh**

Is iad torthaí ná athruithe sa ghearrthéarma sa mheántéarma atá mar thoradh ar ghníomhaíochtaí, amhail scileanna nua nó féinmhuinín mhéadaithe.

**Aschuir**

Torthaí díreacha na ngníomhaíochtaí: is samplaí d'aschuir iad taispeántas nó imeacht.

**Cáilíochtúil**

Tá faisnéis cháilíochtúil tuairisciúil agus de ghnáth bíonn sí scríofa nó léirithe ar bhealaí malartacha amhail trí íomhánna nó fuaim. Is minic a chuirtear ar fáil í mar fhreagairt ar cheisteanna amhail 'conas' nó 'cén fáth'. Mar shampla, conas a forbraíodh an caidreamh idir an pobal agus an t-ealaíontóir.

**Cainníochtúil**

Tá faisnéis chainníochtúil uimhriúil agus is minic a chuirtear in iúl í trí uimhreacha agus cainníochtaí. Mar shampla, cé mhéad ball den phobal a bhí páirteach sa tionscadal agus cá fhad a bhí siad páirteach?

# Cosaint sonraí

## Ráiteas príobháideachais

Táimid tiomanta do chinnteoireacht atá idir shoiléir agus trédhearcach.

Tá Create freagrach as sonraí pearsanta iarratasóirí Scéim ESP a choinneáil sábháilte. Táimid tiomanta do chearta príobháideachais a chosaint agus muid i mbun na sonraí pearsanta a bhailímid a phróiseáil. Cloífimid leis na caighdeáin is airde de shlándáil agus rúndacht maidir le sonraí pearsanta ar bith a thugtar nó a iarrfar. Déanfaimid é sin i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin cosanta sonraí.

## Bainistíocht sonraí

Ní bhainimid úsáid as na sonraí a bhailímid tríd an bpróiseas iarratais ach amháin chun an scéim a bhainistiú. Ní nochtfaimid (ní roinnfimid) sonraí pearsanta d'aon tríú páirtí gan toiliú. I gcás inar gá dúinn cloí le riachtanais reachtúla nó i gcás ina mbíonn tríú páirtí ag feidhmiú thar cheann Create agus lenár dtoiliú, féadfaimid eolas a nochtadh chun críche taighde.

Má tá sé de rún ag an gComhairle Ealaíon sonraí a chuirimid ar fáil a phróiseáil, déanfar na sonraí pearsanta ar fad a anaithnidiú (bainfear na hainmneacha). Coinnímid foirmeacha iarratais agus ábhair thacaíochta i gcomhréir lenár mBeartas Cosanta Sonraí.

**Create**
**2 Curved Street**
**Temple Bar**
**Dublin 2**
**D02 PC43**
**create-ireland.ie**

Create is the trading name of C.A.F.E. Company Limited by Guarantee (Dublin 121298)
Charity Registration (CRA 20024291) Revenue Commissioner Charitable Approval (CHY 9695)

Create is funded by the Arts Council/ An Comhairle Ealaíon, with additional support from the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht/ An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta

the arts council / an chomhairle ealaíon — funding the arts

An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht

create — create national development agency for collaborative arts